An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

# Ciste na Struchtúr Stairiúil

# 2024

# CIorclán TREORACH D'ÚDARÁIS ÁITIÚLA

# (Ba cheart d’iarratasóirí tagairt a dhéanamh don mhír ar leith Leabhrán treorach d’iarratasóirí)

## *Ábhar*

1. An Ciste um Struchtúir Stairiúla 2
2. Forbhreathnú - Cé is Féidir leo Iarratas a Dhéanamh, Tionscadail Incháilithe 3
3. Cistiú ar Fáil/ Cad Iad na hoibreacha a Chisteofar 5
4. Na Critéir Roghnúcháin 6
5. Caighdeán na nOibreacha 7
6. Conas Iarratas a Dhéanamh 8
7. Cistiú a Éileamh 10
8. Oibreacha Cáilitheacha 11
9. Nóta Treorach ar Ráitis Mhodha 12
10. Téarmaí agus Coinníollacha 13

***Aguisíní***

*I. Foirm A - Iarratas, le comhlíonadh ag an Iarratasóir*

*II. Seicliosta, Achoimre agus Breithmheas le comhlíonadh ag an Údarás Áitiúil*

*III. Foirm C - Éileamh ar Chúiteamh le comhlíonadh ag an Údarás Áitiúil*

*IV. Seicliosta le cur isteach le Foirm C (Éileamh ar Chúiteamh)*

*V.* Seicliosta d’Iarratasóirí le cur isteach le Foirm Iarratais

## 1. An Ciste um Struchtúir Stairiúla

In Aibreán 2018, fógraíodh infheistíocht chaipitiúil de €285m san oidhreacht faoi *Tionscadal Éireann 2040.* Tá an cistiú caipitiúil don oidhreacht thógtha faoin bplean seo i bhfeidhm ó 2018 - 2027 agus é dírithe ar fheabhsú agus ar chosaint ár n-oidhreacht thógtha ar fud na tíre seo.

Tá oidhreacht thógtha uathúil ag Éire arardchaighdeán – tá ár bhfoirgnimh agus struchtúir stairiúla mar chuid ríthábhtach d'ár n-oidhreacht náisiúnta. Tá beagnach caoga míle foirgneamh ann atá faoi chosaint ar fud na hÉireann. Tá géarghá ag roinnt mhaith acu siúd ar infheistíocht, chun a dheimhniú go gcaomhnaítear iad agus go leanfar ar aghaidh le húsáid a bhaint astu ionas go mbeidh siad mar chuid bheo dár stair agus dár saol pobail amach anseo.

**Tá mar bhunchuspóir ag an gCiste um Struchtúir Stairiúla, caomhnú agus feabhas a chur ar fhoirgnimh agus ar struchtúir stairiúla ar mhaithe le leas níos leithne an phobail.**

Cé go bhfuil an príomhfhreagracht ar an úinéir cúram agus caomhnú an fhoirgnimh atá faoi chosaint, tá caipiteal riachtanach á infheistiú ag an **gCiste um Struchtúir Stairiúla** inár n-oidhreacht thógtha luachmhar agus tá sé ina chúnamh do shealbhóirí agus do choimeádaithe struchtúr stairiúil chun cosaint a thabhairt dóibh amach anseo ar mhaithe le leas an phobail.

Is iad príomhaidhmeanna an chiste seo:

- ***éascú*** le hoibreacha caomhnaithe ar scála níos airde a bheith curtha i gcrích ar struchtúir oidhreachta a mheastar a bheith suntasach agus tacaíocht phráinneach ag teastáil uathu.
- ***spreagadh*** a thabhairt d'athghiniúint agus d'athúsáid réadmhaoine oidhreachta agus chun cabhrú leis an caomhnú struchtúr cosanta agus/nó sócmhainní atá suntasach go cultúrtha;
- ***tacaíocht a thabhairt*** d'infheistíocht de mhaoiniú príobháideach i dtionscadail dhlúthshaothair a bhfuil sé d'aidhm acu struchtúir stairiúla atá i seilbh phríobháideach agus poiblí araon a chaomhnú i gcomhair úsáid an phobail.
- ***tacaíocht a thabhairt*** d'fhostaíocht sna tionscail chaomhnaithe agus tógála.
- ***tógáil*** athléimneachta inár maoine oidhreachta chun cur ar a gcumas seasamh in aghaidh tionchar athrú aeráide.

**Tugann an Roinn tacaíocht do thionscnóirí tionscadail eilimint de thraenáil i scileanna traidisiúnta a bheith mar chuid den tionscadal.**

Cuirtear fáilte ar leith roimh iarratais maidir le tionscadail athchóirithe nó athúsáid a bhaineann le struchtúir oidhreachta, agus ina léirítear sochar cónaithe soiléir. (Caithfear tionscadail den sórt sin a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas pleanála de réir mar is gá.)

Déanfar an Ciste um Struchtúir Stairiúla 2024 a struchturú mar seo a leanas:

1. **Sruth 1** - leis seo cuirfear deontais ar fáil **ó €15,000 suas go €50,000** le haghaidh athchóirithe riachtanacha agus oibreacha caipitiúla beaga a bhaineann le hathchóiriú agus le caomhnú struchtúr oidhreachta.

2. **Sruth 1, foshruth Aghaidheanna Siopaí Stairiúla -** Chun caomhnú aghaidheanna siopaí stairiúla a spreagadh tugtar cuireadh do gach Údarás Áitiúil iarratas breise a chur isteach faoi Shruth 1 ar dheisiúcháin riachtanacha incháilithe agus oibreacha beaga caipitil chun aghaidheanna siopaí stairiúla, fuinneoga, comharthaíocht agus sonraí gaolmhara eile a athchóiriú agus a chaomhnú ionas go ndéanfar iad a chosaint agus iad a choinneáil in úsáid. Tugtar cuireadh d'Údaráis Áitiúla iarratas breise a dhéanamh ar aghaidheanna siopaí atá i nGaeilge.

3. **Sruth 2** - leis seo cuirfear líon beag deontas ar fáil **ó €50,000 suas go €200,000** le haghaidh tionscadal feabhsuithe, athchóirithe nó athúsáid níos mó a bhaineann le struchtúir oidhreachta, i gcás:

   a. ina bhfuil buntáiste soiléir don phobal tar éis bheith léirithe, nó

   b. Tá sochar cónaithe soiléir léirithe (caithfear tionscadail den sórt sin a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas pleanála de réir mar is gá)

   Féadfar deontas os cionn € 200,000 a dhámhachtain in imthosca eisceachtúla ina ndéanann an t-iarratasóir cás maidir le tábhacht an tionscadail agus na n-oibreacha atá beartaithe.

4. **Sruth um Struchtúir Dhúcasacha -** I gcomhthéacs *Traidisiún Beo: Straitéis chun Feabhas a chur ar Thuiscint, ar Mheitheamh agus ar Láimhsiú Ár nOidhreacht Dhúchais Thógtha* (2021) tá an sruth do struchtúir dhúchasacha á choinneáil do 2024, le maoiniú de €150,000. Tá mar aidhm ag an sruth tacaíocht a thabhairt do dheisiúcháin chaomhnaithe agus oibreacha caipitiúla beaga ar struchtúir dhúcasacha nach bhfuil ar Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) na n-údarás áitiúil nó faoi chosaint dlí eile. D'fhéadfadh na struchtúir a bheith laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Is féidir le gach údarás áitiúil cur isteach ar chistiú do thionscnaimh shainiúla ó idir €5,000 agus €10,000 do thionscnaimh incháilithe.

Is féidir leis an Aire cuid den Chiste a shannadh le haghaidh **tionscadal i gcomhpháirtíocht** le heagraíochtaí atá cistithe ag an Stát, m.sh. Oifig na nOibreacha Poiblí, Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann, Uiscebhealaí Éireann, Iontaobhas Chomharthaí Talún na hÉireann agus eagraíochtaí eile, chun struchtúir agus foirgnimh stairiúla in úinéireacht phoiblí a chothabháil agus chun cur leis an infreastruchtúr áineasa agus le rochtain an phobail ar na seoda oidhreachta seo.

Is féidir iarratas ar struchtúr a dhéanamh faoin BHIS agus an HSF, ach ní féidir ach deontas amháin a fháil ó is féidir leas a bhaint as an HSF nó an BHIS de réir struchtúir.
I gcásanna ina bhfuil maoiniú bronnta ar iarratasóir faoin dá scéim, ní mór don iarratasóir cuir in iúl cén scéim ar mian leo leas a bhaint aisti.

## 2. Forbhreathnú - cé is féidir leo iarratas a dhéanamh, tionscadail incháilithe

Cuireann an Ciste um Struchtúir Stairiúla cistiú caipitil ar fáil le haghaidh oibreacha ar struchtúir cháilithíoch, lena n-áirítear:

(i) **Struchtúir atá faoi Chosaint:** Struchtúir atá ar Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) gach údarás áitiúil;

(ii) **Struchtúir atá incháilithe nó molta le cuimsiú san RPS**, ach nár faomhadh go foirmiúil iad go fóill. Caithfidh a leithéid de struchtúir critéir an údaráis áitiúil le cuimsiú san RPS a shásamh, i.e. caithfidh go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíche, sóisialta nó teicniúil de.

(iii) **Struchtúir nó oibreacha laistigh de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCA), nó laistigh de chonláiste Séadchomhartha Náisiúnta**, sa chás go bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist.

Is iad seo a leanas a bheidh mar thionscadail incháilithe:

a) tionscadail molta ag údaráis áitiúla de réir iarratas ó **iarratasóirí príobháideacha gur úinéirí nó airigh de struchtúir stairiúla iad.**

b) tionscadail molta ag údaráis áitiúla d'oibreacha ar **struchtúir atá faoi úinéireacht phoiblí**, sa chás gur léirítear fócas oidhreachta agus pobail follasach, nó tairbhe don phobal.

c) tionscadail molta go díreach don Roinn a bhfuil fócas oidhreachta nó leas pobail acu, atá sainmhínithe go soiléir, a dhéanann **eagraíocht atá maoinithe ag an Stát** a fheidhmíonn sa réimse oidhreachta.

**Sruth um Struchtúir Dhúcasacha**

**Cad iad na "struchtúir dhúcasacha"?**

Is struchtúir dhúcasacha iad foirgnimh agus gnéithe tógtha eile ar féidir tírdhreach dúsachasach 'neamhfhoirmiúil' a thabhairt orthu. D'eascair na rudaí seo ó, agus tógadh iad ag 'gnáthdhaoine', a gclann agus a gcomharsana, seachas iadsan leis an gcomhacht. D'oibrigh tógálaithe dúcasacha laistigh de chórais smaointeoireachta thraidisiúnta agus d'úsáid siad smaointe agus teicnicí seachadta laistigh den chlann agus den phobal áitiúil. Mar sin, is cuid shuntasach dár n-oidhreacht chultúrtha doláimhsithe í an dúchas. Léiríonn sé freisin a nasc inláimhsithe le háiteanna maireachtála agus oibre ár sinsear agus lena gcruthaitheacht neamhfhéinfhiosach agus praiticiúlacht. Tá an 'dúchasach' mar chuid den traidisiún domhanda comhroinnte seanbhunaithe freisin. Is follas go bhfuil gaol láidir ag an 'dúchasach' le háit, le haeráid agus leis an timpeallacht, ag tabhairt saincharachtar áitiúil is réigiúnach dó a chuireann go mór lenár n-ómós áite. Bhí agus tá fós na hábhair thógála le fáil sa cheantar máguaird, in úsáid le ceirdeanna mar thuíodóireacht, thógáil ballaí feidín agus obair le caolaigh, maraon le saoirseacht agus siúinéireacht thraidisiúnta. Thug déantús truscán dúchasach agus gaibhneacht dhubh roinnt mhaith de na feistis dúinn i dtithe dúchasacha agus i gcineálacha eile foirgneamh.

**Cé atá in ann iarratas a dhéanamh ar Shruth na Struchtúr Dúchais?**

a) Úinéirí struchtúr dúchasacha nach bhfuil ar Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) an údaráis áitiúil.
b) Úinéirí struchtúr dúchasacha laistigh de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCA) nó faoi chosaint dlí eile.

Is iad seo a leanas na tionscadail incháilithe:

a) tionscadail molta ag údaráis áitiúla de réir iarratas ó iarratasóirí príobháideacha gur úinéirí nó airigh de struchtúir dúchasacha iad.
b) tionscadail molta ag údaráis áitiúla d'oibreacha ar struchtúir dúchasacha atá faoi úinéireacht phoiblí, sa chás gur léirítear fócas follasach oidhreachta agus pobail, nó tairbhe don phobal.

I measc na gcineálacha oibreacha a maoiníodh roimhe seo faoin Sruth Vernacular tá deisiúcháin saoirseachta chomh maith le deisiúcháin le díonta, fuinneoga, simléir agus ballaí, lena n-áirítear ballaí cloiche tirime. Oibreacha ar nós fásra a bhaint agus rinneadh rindreáil agus athphointeáil a mhaoiniú freisin.

**Nóta**: Ní ghlacfar ach le hiarratas amháin do gach struchtúr dúchasach nó ó aon iarratasóir. Féadfaidh iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar an gCiste do Struchtúir Stairiúla agus ar an Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha, ach ní féidir leas a bhaint as maoiniú ón dá scéim. I gcásanna inar bronnadh maoiniú ar iarratasóir faoin dá scéim, ní mór dóibh a léiriú cén scéim ar mian leo leanúint ar aghaidh léi.

Caithfidh na hoibreacha a bheith críochnaithe agus íoctha astu sula n-iarrtar aisíocaíocht ón Roinn. Is féidir eilimint traenála a bheith leis na hoibreacha.

**Ní chuirfear san áireamh ach iarratas amháin ar an CSS do gach struchtúr stairiúil**

Is féidir iarratas maidir le struchtúr a dhéanamh faoin Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha agus an Ciste um Struchtúir Stairiúla, ach ní féidir ach leas a bhaint as deontas amháin faoin CSS nó faoin SIOT in aghaidh an struchtúir. **I gcásanna ina mbronntar cistiú ar an iarratasóir faoin dá scéim, caithfidh an t-iarratasóir a léiriú cén scéim ar mian leo leas a bhaint as.**

## 3. Cistiú ar Fáil/ Cad Iad na hoibreacha a Chisteofar

| Sruth | Cistiú ar Fáil | Cad a Chisteofar | Uasdeontas | Uaslíon na n-iarratas in aghaidh an Údarás Áitiúil |
|---|---|---|---|---|
| **Sruth 1** | Deontais idir €15,000 agus €50,000 | Deisiúcháin riachtanacha agus oibreacha caipitiúla beaga le haghaidh athchóiriú agus caomhnú struchtúr stairiúil chun an struchtúr a chosaint agus a choinneáil in úsáid | 80% de chostais incháilithe | 3 + 1 in úinéireacht phoib |
| **Sruth 1 – Foshruth Aghaidheanna Siopaí Stairiúla** | Deontais idir €15,000 agus €50,000 | Deisiúcháin riachtanacha agus oibreacha caipitiúla beaga le haghaidh athchóiriú agus caomhnú d' aghaidheanna siopaí stairiúla, fuinneoga, comharthaíocht agus sonraí gaolmhara eile chun an iad a chosaint agus a choinneáil in úsáid | Uasmhéid de 80% de chostais incháilithe | 1 + 1 i nGaeilge |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Sruth 2** | Deontais idir €50,000 agus €200,000, nó in imthosca eisceachtúla os cionn € 200,000. **D’fhéadfaí** na deontais a bheith céimnithe thar dhá bhliain. Ba cheart d’iarratasóirí rathúla an Litir Thairisceana a sheiceáil le haghaidh sonraí ar conas atá an cistiú le caitheamh thar an dhá bhliain, más infheidhme. | Tionscadail fheabhsaithe níos mó nó athchóirithe suntasacha a bhaineann le struchtúir stairiúla, má léirítear go soiléir go bhfuil tairbhe ann ar mhaithe le leas an phobail. | 50% de chostais incháilithe. I gcásanna eisceachtúla **d’fhéadfaí** céatadán níos airde a iarraidh, faoi réir uas de 80%. | 1 + 1 in úinéireacht phoib |
| **Tionscadail i gComhpháirtíocht** | Le dearbhú ar bhonn cás go cás. | Oibreacha chun cúram a thabhairt do struchtúir agus foirgnimh stairiúla in úinéireacht phoiblí agus infrastruchtúr caithimh aimsire agus rochtain phoiblí do na sócmhainní oidhreachtúla seo a fheabhsú | Ní bheidh os cionn 50% de chostas an tionscadail de ghnáth | N/A |
| **Sruth um Struchtúir Dhúchasacha** | Deontais idir €5,000 agus €10,000 | Deisiúcháin riachtanacha agus oibreacha caipitiúla beaga chun struchtúir dúchasacha a athchóiriú agus a chaomnhú agus iad a choinneáil in úsáid. | Uas de 80% na gcostas incháilithe. | 1 |

- D’fhéadfaí a cheangail ar iarratasóirí fianaise a chur ar fáil go bhfuil cistiú comhfhreagrach ann.
- Caithfidh na hoibreacha a bheith críochnaithe agus íocaíocht déanta sula lorgaítear íocaíocht ón Roinn.
- Is féidir leis an dá shruth eilimint de thraenáil bhainteach a áireamh.
- Féadfaidh gné oiliúna gaolmhar a bheith i sruth ar bith.

Féach **Cuid 8** thíos chun breis sonraí a fháil ar Oibreacha Cáilitheacha.

**Ní bheidh na cineálacha oibreacha seo a leanas incháilithe le haghaidh cistithe:**

i. Oibreacha ar cuireadh tús leo roimh bhronnadh an deontais

ii. Foirgnimh nua nó sínte
iii. Oibreacha nach bhfuil de réir dea-mhodh oibre agus dea-chleachtais chaomhnaithe
iv. Tionscadail nó gnéithe de thionscadail ar cuireadh tús le hoibreacha roimh bhronnadh an deontais
v. Tailte nó foirgnimh a cheannach
vi. Staidéir indéantachta
vii. Pleananna caomhnaithe nó aon chaiteachas neamh-chaipitiúil eile, ach amháin má tá baint dhíreach acu le hoibreacha caipitiúla atá á maoiniú faoin gCiste.

## 4. Na Critéir Roghnúcháin

Is de réir na gcritéar seo a dhéanfar measúnacht ar iarratais incháilithe atá le roghnú faoi **Shruth 1** (lena n-áirítear foshruth Aghaidheanna Siopaí Stairiúla) agus faoin **Sruth um Struchtúir Dhúcasacha**:

| | |
|---|---|
| 1 | **An tábhacht** a bhaineann leis an struchtúr |
| 2 | **Éifeachtúlacht** an deontais i dtaobh aidhmeanna an Chiste um Struchtúir Stairiúla a bhaint amach |
| 3 | **Caighdeán** na modheolaíochta agus fiúntas teicniúil na n-oibreacha molta |
| 4 | An méid a chuireann na hoibreacha molta leis **an an struchtúr a choinneáil in úsáid, nó é a thabhairt ar ais in úsáid** |

Is de réir na gcritéar seo a dhéanfar measúnacht ar iarratais incháilithe atá le roghnú faoi **Shruth 2**:

| | |
|---|---|
| 1 | **An tábhacht** a bhaineann leis an struchtúr |
| 2 | **Éifeachtúlacht** an deontais i dtaobh aidhmeanna an Chiste um Struchtúir Stairiúla a bhaint amach |
| 3 | **Caighdeán** na modheolaíochta agus fiúntas teicniúil na n-oibreacha molta |
| 4 | An méid a chuireann na hoibreacha molta leis **an an struchtúr a choinneáil in úsáid, nó é a thabhairt ar ais in úsáid** |
| 5 | **Leas níos leithne an phobail** an tionscadail |

**Tabharfar teip mór-iomlán d'aon iarratas nach n-éiríonn leis marc incháilithe a fháil de réir aon cheann de na critéir mheasúnachta thuasluaite agus ní chuirfear san áireamh iad chun cistithe.**

## 5. Caighdeán na nOibreacha

Ní mór gur duine nó daoine gairmiúla a bhfuil na cáilíochtaí agus an taithí cuí acu a dhéanann na hoibreacha caomhnaithe a dhearadh, a shannadh agus a mhaoirsiú ar an láthair agus ceanglófar orthu a dhearbhú go ndearnadh na hoibreacha de chaighdeán sásúil. B'fhearr go mór go mbeadh **iniúlacht inléirithe** ag an ngairmí tógála sa réimse ábhartha de chaomhnú foirgnimh. Oibríonn na trí institiúid tógála ghairmiúla scéimeanna creidiúnaithe caomhnaithe, a d'fhéadfadh a bheith mar chabhair d'úineirí an saineolas ceart a fháil[1].

Tá an roghnú a dhéantar don phríomhchonraitheoir agus nó an speisialtóir le scileanna ceirde agus bainistíochta ríthábhachtach freisin chun tionscadal d'ardchaighdeán a fháil1. B'fhéidir gur mhaith le húinéirí dul i gcomhairle le Clár na gConraitheoirí Oidhreachta nó le Clár Thionscail Tógála na hÉireann, ina bhfuil fochatagóir 'oibreacha oidhreachta'[2].

Sa chás go mbaineann oilteacht ar leith leis an gcleachtóir, mar shampla tuíodóir nó saor cloiche, comhlíonann siadsan ról an ghairmí um thógáil caomhnaithe.

Tabhair do d'aire gur gá i ngach cás go mbeadh **gairmí caomhnaithe a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí acu** ann chun maoirseacht a dhéanamh ar na hoibreacha, agus go gcuirfí **ráiteas modha fónta agus cuimsitheach** isteach leis an iarratas.
(Féach **Cuid 9 *Nóta Treorach ar Ráitis Mhodha***)

Ba cheart do thionscadail ina n-áirítear eilimint de thraenáil, cur síos imlíníoch a thabhairt ar nádúr, réim agus an leibhéal traenála atá beartaithe. Ní mór plean traenála a chur chuig an Roinn sula gcuirtear tús leis an eilimint traenála.

**Dírítear d'aird gur minic ráiteas modha dóthanach cuimsitheach lag a bheith ann mar chúis teipe le tionscadal ag an gcéim mheasúnaithe.**

## 6. Conas Iarratas a Dhéanamh

### *Sruth 1 (fo-shruth d'Aghaidheanna Siopaí Stairiúla)*

Sa sruth seo cuirtear deontais idir €15,000 agus €50,000 ar fáil le haghaidh athchóirithe riachtanacha agus oibreacha caipitiúla beaga a bhaineann le hathchóiriú agus le caomhnú struchtúr stairiúil.

- Ba cheart **d'iarratasóirí príobháideacha nó grúpaí pobail gur úinéirí nó airigh de struchtúir stairiúla iad**:
    - **i**Foirm A a chomhlánú

[1] The Royal Institute of the Architects of Ireland, www.riai.ie; Engineers Ireland, www.engineersireland.ie; Society of Chartered Surveyors Ireland, www.scsi.ie.

[2] www.heritageregistration.ie; www.ciri.ie.

- Ráiteas Modha cuimsitheach a cheangail leis
- Iad a chur chuig an údarás áitiúil roimh an dáta deiridh (**arna chinneadh ag gach údarás áitiúil**, ach tráth nach déanaí ná an 26 **Eanáir 2024** **).**

Ag úsáid na gcritéar a leagtar amach i gCuid 5 thuas, is féidir le gach údarás áitiúil gearrliosta de suas go *trí **thionscadal sa chatagóir seo** a chur isteach le bheith measta faoin 02 **Feabhra 2024** . **Tig le húdaráis áitiúla gearrliosta a dhéanamh de cheathrú* iarratas faoin sruth seo sa chás go mbaineann an t-iarratas le hathchóiriú agus le caomhnú aghaidh siopa stairiúil. Féadfar iarratas ina dhiaidh sin a dhéanamh freisin maidir le haghaidh siopa atá i nGaeilge.**

- Ba cheart d'údaráis áitiúla atá ag cur iarratas isteach le haghaidh oibreacha ar **struchtúir stairiúla iad in úinéireacht phoiblí**, sa chás go léirítear fócas oidhreachta agus leas pobail soiléir
  - Foirm A a chomhlánú
  - Ráiteas Modha cuimsitheach a cheangail leis
  - Iad a chur chuig an Roinn (r-phost HSF@housing.gov.ie) ar nó roimh an 02 **Feabhra 2024** **.**

Is féidir le gach údarás áitiúil **tionscadal amháin sa chatagóir seo** a chur isteach le bheith measta.

- Maidir le hiarratais do thionscadail a léiríonn fócas oidhreachta agus leas pobail soiléir, a mholann **eagraíocht maoinithe ag an Stát** a fheidhmíonn i réimse oidhreachta:
  - Foirm A a chomhlánú
  - Ráiteas Modha cuimsitheach a cheangail leis
  - Iad a chur chuig an Roinn (r-phost HSF@housing.gov.ie) ar nó roimh an 02 **Feabhra 2024** **.**

### *Sruth 2*

Sa sruth seo cuirtear líon beag deontas ar fáil **suas go dtí €200,000,** nó os cionn €200,000 in imthosca eisceachtúla le haghaidh tionscadal feabhsaithe, athchóirithe nó caomhnaithe níos mó ina leirítear leas soiléir don phobal.

- Ba cheart **d'iarratasóirí príobháideacha nó grúpaí pobail gur úinéirí nó airigh de struchtúir stairiúla**:
  - Foirm A a chomhlánú agus
  - Ráiteas Modha cuimsitheach a cheangail leis
  - Iad a chur chuig an údarás áitiúil roimh an dáta deiridh (**arna chinneadh ag gach údarás áitiúil**, ach tráth nach déanaí ná an 26 **Eanáir 2024** **).**

Ag úsáid na gcritéar a leagtar amach i gCuid 5 thuas, is féidir le gach údarás áitiúil gearrliosta de **thionscadal amháin sa chatagóir seo** le bheith measta a chur isteach faoin 02 **Feabhra 2024** .

- Ba cheart d'údaráis áitiúla atá ag cur iarratas isteach le haghaidh oibreacha ar **struchtúir stairiúla iad in úinéireacht phoiblí**, sa chás go léirítear fócas oidhreachta agus leas pobail soiléir
  - Foirm A a chomhlánú
  - Ráiteas Modha cuimsitheach a cheangail leis
  - Iad a chur chuig an Roinn (r-phost HSF@housing.gov.ie) ar nó roimh an 02 **Feabhra 2024** **.**

Is féidir le gach údarás áitiúil **tionscadal amháin sa chatagóir seo** a chur isteach chuig an Roinn le bheith measta.

- Maidir le hiarratais ar thionscadail a bhfuil fócas oidhreachta atá sainmhínithe go soiléir nó leas pobail acu a dhéanann **eagraíocht cistithe ag an Stát** a fheidhmíonn i réimse oidhreachta:
  - Foirm A a chomhlánú
  - Ráiteas Modha cuimsitheach a cheangail leis
  - Iad a chur chuig an Roinn (ríomhphost HSF@housing.gov.ie) faoin 02 **Feabhra 2024** .

## *Sruth um Struchtúir Dhúchasacha*

Faoin sruth seo tá deontais idir €5,000 agus €10,000 ar fáil le haghaidh deisiúchán riachtanacha agus oibreacha caipitiúla beaga chun struchtúir dúchasacha a athchóiriú agus a chaomhnú agus iad a choinneáil in úsáid.

- **Ba cheart d'iarratasóirí príobháideacha nó grúpaí pobail gur úinéirí nó airigh de struchtúir dúchasacha**:
  - Foirm A a chomhlánú
  - Ráiteas Modha cuimsitheach a cheangail leis
  - iad a chur isteach chuig an údarás áitiúil roimh an dáta deiridh (**arna chinneadh ag gach údarás áitiúil**, ach tráth nach déanaí ná an 26 **Feabhra 2024 ).**

Ag úsáid na gcritéar a leagtar amach i gCuid 5 thuas, is féidir le gach údarás áitiúil gearrliosta de **thionscadal amháin sa chatagóir seo** le bheith measta a chur isteach don Roinn (HSF@housing.gov.ie) faoin 02 **Feabhra 2024** .

## *Ag cur d'iarratas isteach*

Ba cheart iarratais a shásaíonn na critéir a chur isteach chuig an údarás áitiúil nó chuig an Roinn (mar is iomchuí) le bheith measta faoin spriocdháta.

Déan seiceáil ar na nithe seo ach go háirithe –

- **Nach sáraíonn an méid cistithe a iarrtar an t-uasluach de dheontas atá ar fáil**
- **Go luaitear go soiléir méid agus foinse an chistithe**
- **Go bhfógraítear sonraí d'aon mhaoiniú eile ón státchiste**

**Ní mór ríomhphost ar leith a chur isteach maidir le gach iarratas, agus bí cinnte go bhfuil gach ábhar bainteach leis an iarratas sin inchurtha leis. Ní mór don r-phost a bheith faoi bhun 15MB de mhéid. Ní chuirfear cuid d'iarratais nó iarratais nach bhfuil comhlánaithe go hiomlán, nó le níos mó ná iarratas amháin in aon ríomhphost amháin, san áireamh le haghaidh cistithe.**

Ba cheart **'HSF 2024 '** a bheith mar ábhar ar an r-phost, agus ainm an tionscadail agus ainm an údaráis áitiúil leis, más ábhartha.

| **NÓTA: Ní ghlacfar ach amháin le hiarratais trí ríomhphost.** |
|---|

## 7. Cistiú a Éileamh

**Sa chás go nDéantar an tIarratas tríd an Údarás Áitiúil**
Caithfidh oibreacha a bheith críochnaithe agus dearbhaithe ag an údarás áitiúil sular féidir íocaíocht an deontais a lorg ón Roinn.

**Tá an t-údarás áitiúil freagrach as** íocaíocht na ndeontas d'úineirí/ áitritheoirí de thionscadal faofa faoin gCiste **roimh** aisíocaíocht a lorg ón Roinn.

**Dírítear d'aire, sa chás nach ndéantar na hoibreacha agus / nó traenáil de réir théarmaí na scéime, go háirithe nuair a athraítear scóip na n-oibreacha agus nach bhfuil na hoibreacha nua de réir na gcaighdeán riachtanach de dhea-chleachtais chaomhnaithe, nach bhfuil aon dualgas ar an Roinn an deontas a bhronnadh, toisc go bhfuil sárú ábhartha ann ar théarmaí thairiscint an deontais.**

Chomh luath is atá iarratas curtha isteach, caithfidh an t-údarás áitiúil **Foirm C (Aguisín IV)** a chomhlánú agus a chur isteach faoin 8 **Samhain 2024** chun an deontas a fháil ón Roinn. Caithfidh Oifigeach Caomhantais Ailtireachta (OCA) atá ag déanamh maoirseachta ar an tionscadal Foirm C a shíniú (nó, i gcás nach bhfuil OCA fostaithe ann, go ndéanfaidh ball d'fhoireann ghairmiúil an údaráis áitiúil atá inniúil chun an fheidhm seo tabhairt faoi é agus le chomhshíniú an Phríomhfheidh-meannaigh nó an Stiúrthóra Seirbhísí é. **Caithfear** fianaise íocaíochta a bheith leis an bhfoirm, mar shampla asphrionta ina thaispeántar ainm an iarratasóra, an méid a íocadh agus dáta na híocaíochta chomh maith le háiseanna amhairc, m.sh. grianghraf nó gearrthóga físe, ionas gur féidir leis an Roinn comparáid a dhéanamh idir íomhánna den struchtúr sula ndéantar na hoibreacha agus ina dhiaidh. ***Ní mór do na grianghraif a bheith ar ardchaighdeán agus a bheith curtha isteach i bhformáid jpeg, aitheanta go soiléir le hainm an tionscadail ábhartha.*** Ní féidir éileamh a dhéanamh ar chistiú tar éis an spriocdháta.

I gcás tionscadal le struchtúr stairiúil in úinéireacht phoiblí, ní mór cruthúnas na gcostas iomlán a chur leis an Éileamh ar Aisíocaíocht.

**Ní mór r-phost ar leith a chur isteach maidir le gach éileamh ar íocaíocht agus bí cinnte go bhfuil gach ábhar bainteach inchurtha leis san aon r-phost amháin.**

**Sa chás go ndéantar an t-iarratas go díreach chuig an Roinn**
Caithfidh Foirm C a bheith sínithe ar an bhfoirm iarratais bhunaidh ag an gairmí caomhnaithe sainaitheanta, an té a dheimhneoidh go ndearnadh maoirseacht ar na hoibreacha agus gur cuireadh í i

gcrích iad de réir théarmaí bhronnadh an deontais agus ag an chaighdeáin oiriúnaigh maidir leis an gcleachtas caomhnaithe.

Ní íocfar aon deontas i gcásanna nach bhfuil an deimhniúchán ar na hoibreacha déanta ag gairmí caomhnaithe a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha aige/aici.

**Caithfear** fianaise íocaíochta a bheith leis an bhfoirm fhorchúitimh, mar shampla asphrionta ina dtaispeántar ainm an iarratasóra, an méid a íocadh agus dáta na híocaíochta chomh maith le háiseanna amhairc, m.sh. grianghraf nó gearrthóga físe, ionas gur féidir leis an Roinn comparáid a dhéanamh idir íomhánna den struchtúr roimh agus tar éis do na hoibreacha a bheith déanta. ***Ní mór do na grianghraif a bheith ar ardchaighdeán agus a bheith curtha isteach i bhformáid jpeg, aitheanta go soiléir le hainm an tionscadail ábhartha.***

Toisc go bhfuil mar aidhm ag an gCiste tacaíocht a thabhairt do na tionscail chaomhnaithe agus tógála, éilítear ar an iarratasóir sonraí a chur ar fáil ar shochair fostaíochta an tionscadail. Sa chás go bhfuil oibreoirí san earnáil phoiblí in úsáid i dtionscadal **ní cheart iad a áireamh** chun críche an fhostaíocht a ghineadh a mheas.

Ní féidir éileamh a dhéanamh ar airgead tar éis an spriocdháta.

## 8. Oibreacha Cáilítheacha

**Díonta:** Oibreacha chun a dheimhniú go bhfuil an struchtúr slán righin agus go bhfuil an díon slán in aghaidh na drochaimsire tríd na hábhair chearta a úsáid. Ba cheart go mbeadh sé ina thosaíocht den thionscadal go dtarrthálfar an scláta agus ábhair eile atá san fhoirgneamh go dtí seo agus go n-athúsáidfear iad chomh maith. Oibreacha chun díonta tuí a dheisiú trí ábhair oiriúnacha agus traidisiúnta a úsáid, tá sé ceadaithe an giolcach a úsáid i gcásanna ina bhfuiltear ag athdhéanamh dín ghiolcaigh. Oibreacha chun bratra, gáitéir nó fleascadh miotail atá damáistithe a athchur (ábhair m.sh. luaidhe, copair nó since) de réir mar is cóir. Sa chás go bhfuil baol ann go ngoidfear ábhar miotail ón díon, beidh sé inghlactha ábhair mhalartacha atá oiriúnach a úsáid mar réiteach eatraimh.

**Diúscairt Uisce Báistí:** Oibreacha chun earraí uisce fearthainne a dheisiú nó, sa chás nach bhfuil sé sin indéanta, iad a athchur, chun a dheimhniú go mbeidh diúscairt éifeachtúil uisce ón bhfoirgneamh. Ba cheart luadh agus iarann teilgthe a athchur gan an t-ábhar a mhalartú le hábhar eile. Sa chás go bhfuil baol ann go ngoidfear ábhar nó go dtarlódh loitiméireacht, beidh sé inghlactha ábhair mhalartacha atá oiriúnach a úsáid mar réiteach eatramhach.

**Ballaí Seachtracha:** Oibreacha chun déanamh cinnte go bhfuil an struchtúr slán daingean agus / nó go bhfuil dóthain cosanta ag an bhfoirgneamh in aghaidh na báistí. Oibreacha chun ceart a chur ar na lochtanna nó ar fhadhbanna a bhféadfar a bheith ina gcúis dhochair shuntasach amach anseo más rud é go bhfágfaí iad gan cothabháil a dhéanamh orthu, m.sh. réitithe bunsraithe, titim isteach simléir, ionfhabhtú fungasach ar adhmad nó aistriú salainn laistigh den ábhar é féin.

**Fuinneoga, Doirse agus Gnéithe Gaolmhara eile:** Oibreacha chun cosc a chur ar shlí don uisce teacht isteach san fhoirgneamh. Oibreacha chun gnéithe suntasacha den tsiúinéireacht sheachtrach a athchur, ach amháin gan ach adhmad atá lofa a athchur. Deisiúchán fuinneog daite agus oibreacha bainteacha leis sin de réir an dea-chleachtais mar a leagtar amach i gCaibidil 6 den tSraith Chomhairliúcháin *Caomhnú Láithreán Adhartha* (2011),

https://www.buildingsofireland.ie/app/uploads/2019/10/Places-of-Worship-The-Conservation-of-://www.buildingsofireland.ie/app/uploads/2019/10/Places-of-Worship-The-Conservation-of- Places-of-Worship-2011.pdf

**Codanna Inmheánacha:** Oibreacha chun gnéithe den struchtúr inmheánach a dheisiú, m.sh. urlár, ballaí, staighrí agus spiaraí. Oibreacha chun gnéithe maisiúla suntasacha, obair ealaíne leis, m.sh. obair phlástair ar bhallaí agus ar síleálacha, siúinéireacht istigh agus feistithe a chaomhnú, de réir mar is cuí. Oibreacha chun eilimintí dúchasacha suntasacha, lena n-áirítear síleálacha agus teallaigh, a chaomhnú.

**Oibreacha Sealadacha:** Oibreacha chun an baol atá ann go dtitfeadh an struchtúr as a chéile, go hiomlán nó in áiteanna a laghdú, ag féachaint do aerú leordhóthanach chothabháil don struchtúr, agus cosaint gnéithe suntasacha den fhoirgneamh ó phriacal. Nuair a mheastar gur gá daingneáin nó gnéithe suimiúla a aisbhaint chun iad a choimeád sochair, beidh sé sin ag brath ar mholtaí sásúla go gcoimeádfar go slán sábháilte iad le cur ar ais ina n-áit cheart in am trátha.

**Fothracha Stairiúla:** Oibreacha chun saoirseacht chloiche nó gnéithe eile atá i bpriacal a dhaingniú.

**Oibreacha Eile:** Is féidir leis an iarratasóir agus an údarás áitiúil araon éileamh a dhéanamh ar oibreacha eile a mheasann siad go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo le cur san áireamh ag an Roinn.

Caithfidh na hoibreacha cáilítheacha go léir a bheidh de réir na gcaighdeán dea-chleachtais, mar a leagtar amach sna *Treoirlínte um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta d'Údaráis Phleanála* (2011) agus na himleabhair sa tSraith *Comhaire d'Úinéirí*.

## 9. Nóta Treorach ar Ráitis Mhodha

Ní mór go ndéanfaí cur síos sa Ráiteas Modha ar bhail an struchtúir agus ar shonraí faoin tslí ina gcuirfear na hoibreacha caomhnaithe/deisiúcháin i gcrích. Ní gá don doiciméad seo a bheith rófhada agus **caithfidh go mbeidh sé cuí don chineál agus scála oibreacha a bheartaítear,** e.g. ní theastóidh an méid céanna sonraí ó Ráiteas Modha maidir le hatuíodóireacht ná a bheadh ag teastáil le haghaidh deisiúcháin struchtúracha nó saoirseachta. Níor cheart dó a bheith níos faide ná **DEICH** leathanach **A4**.

Ba cheart d'oibreacha a bheith ar aon dul leis an gcleachtas is fearr caomhnaithe agus ba cheart go ndéanfar iarracht modhanna a dhéanann an t-athrú is lú ar an ábhar gur féidir. Ba cheart go mbeadh oibreacha bunaithe ar thuiscint ar an struchtúr, agus ba cheart dóibh úsáid a bhaint as ábhair chuí. Ba cheart a laghad ábhar bunúil agus is féidir a ionadú agus níor cheart seo a dhéanamh ach nuair a bhíonn gá soiléir leis. Níor cheart ach amháin cleachtóirí caomhnuithe a bhfuil an oiliúint iomchuí acu agus a bhfuil taithí acu ar conas ábhar agus teicnící sean-aimseartha a chur i bhfeidhm tabhairt faoi na hoibreacha molta agus i gcás an tSrutha Phíolótaigh do Struchtúir Dhúcasacha, taithí le hábhair dhúcasacha agus le hábhair agus teicnicí eile.

**Caithfidh go mbeidh na nithe seo a leanas sa Ráiteas Modha**

1. **Cur síos achomair ar an struchtúr**
   An struchtúr mar atá sé díreach anois, le cur síos ar na gnéithe is suntasaí ann, an dealramh, an lonnaíocht ina bhfuil sé suite, an cruth, an fheidhm reatha, an tábhacht a bhaineann leis, cuntas gearr ar an gcúlra ailtireachta (má tá sé ar fáil/ ábhartha) agus ar na hábhair as a bhfuil sé déanta.

**2. Cur síos ar an hoibreacha a mholtar**

Leis seo, ba cheart go nochtar na nithe a bhfuil rioscaí dá thoradh orthu, an obair dheisiúcháin a mholtar, conas a dhéanfar an obair, cad iad na hábhair a bheidh á n-úsáid agus conas a dhéanfar struchtúr an fhoirgnimh a choimeád. **<u>Caithfear</u>** go n-áirítear ann pleananna, líníochtaí agus meáin amhairc, m.sh. gearrthóga físe, grianghraif nó léiriúcháin eile, atá ábhartha agus a thacaíonn leis an iarratas agus, de ghnáth, ba cheart go n-áireofar na nithe seo a leanas ann:

a) An bhfuil na hoibreacha sealadach nó buan?
b) Cén cineál deisiúcháin a mholtar agus cá háit a bhfuil siad?
c) Cén chóireáil/athsholáthar ar ábhar damáistithe lena bhfuiltear ag súil?
d) Cén ábhair ionaid a chuirfear leis (más ann)?
e) Sonraí den mhaoirseacht agus den mhonatóireacht a bheidh ar an suíomh
f) Sceideal nó seicheamh gearr na n-oibreacha
g) Meastachán ar chostas an tionscadail.

**3. Ráiteas tionchair agus bearta maolaithe a mholtar (más bainteach iad)**

Aon tionchar dóchúil a bheadh ag oibreacha ar struchtúr agus slite chun tionchair áibhirseacha a mhaolú. Féadfar go n-áireofar leis an maolú an dearadh, an tráthúlacht agus an modh (i.e. deisiú díonta a dhéantar i dtráth maith ionas nach gcuirfear isteach ar choilíneachtaí ialtóg nó obair rindreála a dhéantar in am trátha chun seans a thabhairt don mhoirtéal aoil a shocrú síos, an inathraitheacht, roghnúchán ábhar cúramach, etc.

**4.** Déan crosthagairt sa Ráiteas Modha don phlean traenála, más ábhartha.

## 10. Téarmaí agus Coinníollacha

Bainfidh na coinníollacha seo a leanas le gach tionscadal

**Fógraíocht**

Déanfaidh gach údarás áitiúil fógra faoin gCiste um Struchtúir Stairiúla ar a suíomh gréasáin laistigh de **<u>sheachtain amháin</u>** ón bhfógra faoin gCiste a fháil ón Roinn.

**Íostarraingt deontais**

Is mar seo ba cheart tionscadail a chríochnú agus an cistiú a íostarraingt

a. Sruth 1 agus an Sruth Píolótach do Struchtúir Dhúchasacha: Ar nó roimh an 08 Samhain 2024 .
b. Sruth 2: Sa chás go mbronntar deontas do bhliain amháin, ní mór na deontais a íostarraingt ar nó roimh an 08 Samhain 2024 . Nuair atá cistiú céimnithe thar dhá bhliain, caithfear an cistiú a íostarraingt ar nó roimh an 08 Samhain 2024 , le cistiú 2025 le híostarraingt faoin dáta deiridh a leagfar amach i gCiorclán HSF/2025 . Leagfar na sonraí amach sa Litir Thairisceana.
c. Íocaíocht: Tá mar staid réamhshocraithe go n-íocfaí deontais ar bhonn chaitheachais dhearbhaithe. Is gá don deontaí atá ag déanamh éilimh ar dheontas ar bhonn chaitheachais dhearbhaithe a chur in iúl do na deontóirí:

I. Go mbaineann na sonraisc a úsáidtear mar thacaíocht d’éileamh le gníomhartha agus seirbhísí atá oiriúnach d’aidhmeanna na scéime deontais.
II. Gur íocadh na méideanna sna sonraisc.

III. Nár úsáideadh agus nach n-úsáidfear na sonraisc mar thacaíocht d'aon éileamh aisíocaíochta eile ó an solathróir ciste eile (ach sa chás go bhfuil foráil i gcomhaontú cistithe).

**An Mhaoirseacht**

Coinníoll a bhaineann le cistiú ná gurb éigean go ndéanfaidh gairmí caomhnaithe atá cáilithe go hiomchuí maoirseacht ar na hoibreacha.

**Grianghrafadóireacht**

Ní mór go gcuirfear grianghraif dhigiteacha d'ardchaighdeán den tionscadal roimh thús na n-oibreacha. Féadfar iad a úsáid níos déanaí chun comparáide 'roimh agus i ndiaidh' chun críocha tuarascálacha. Tabhair do d'aire go gcoimeádann an Roinn an ceart aici féin aon ceann de na híomhánna a chuireann an t-iarratasóir nó an t-údarás áitiúil ar fáil di chun fógairt a dhéanamh ar an gCiste. Moltar d'iarratasóirí agus d'údaráis áitiúla cead a fháil chun na híomhánna seo a úsáid (más gá) sula seolann siad don Roinn iad. ***Ní mór do na grianghraif a bheith ar ardchaighdeán agus a bheith curtha isteach i bhformáid jpeg, aitheanta go soiléir le hainm an tionscadail ábhartha.***

**Ráiteas Modha**

Ní mór don úinéir/ áitritheoir Ráiteas Modha cuimsitheach a chur isteach le gach iarratas (féach **Cuid 9** chun teacht ar threoir ar Ráitis Mhodha).

**Caitheachas Incháilithe**

Tá **Cáin Bhreisluacha (CBL)** incheadaithe faoin scéim ach amháin don chuid den na hoibreacha caipitiúla atá á gcistiú agus sa chás nach bhfuil an CBL sin in-aisghabhála faoin gCiste seo, nó trí shlithe eile.

Níl **táillí gairmiúla** incheadaithe ach amháin i gcás an chuid sin de na hoibreacha caipitiúla ata á gcistiú ag an sceim seo.

**Fianaise ar Chistiú Comhoiriúnaithe**

Ní mór fianaise ar chistiú comhoiriúnaithe a chur in iúl ar an bhFoirm Iarratais A. D'fhéadfaí fianaise a iarraidh ar iarratasóirí amach anseo. Ní féidir **iarrachtaí deonacha** (sochar comhchineáil) nó cistí féin an údaráis áitiúil nó na ngníomhaíochtaí stáit nó cistí nó ranníocaíochtaí ó aon fhoinse ón Státchiste a úsáid chun an cistiú comhoiriúnaithe a shásamh.

**Cigireacht**

a. Sa chás go molann údarás áitiúil tionscadal, caithfidh an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta (OCA) cigireacht a dhéanamh ar an struchtúr sula dtosaíonn na hoibreacha agus ina dhiaidh sin. Sa chás nach bhfuil OCA fostaithe ann, déanfaidh ball d'fhoireann ghairmiúil an údaráis áitiúil atá inniúil chun na feidhme seo, na hiniúchtaí. Sa chás gurb é an t-iarratasóir féin a mholann an tionscadal, caithfidh gairmí caomhnaithe atá ainmnithe san iarratas an chigireacht seo a dhéanamh.

b. Má mheastar go bhfuil gá leis, **d'fhéadfadh** oifigigh ón Roinn cuairt a thabhairt ar an láthair agus iniúchadh a dhéanamh i rith chéimeanna éagsúla an tionscadail (an clár traenála fosta, más ábhartha). Socrófar cuairteanna dá leithéid roimh ré. Caithfidh iarratasóirí/ úinéirí cead rochtana a thabhairt don struchtúr sna cúinsí sin. D'fhéadfaí a iarraidh ar iarratasóirí freisin

suirbhé measúnaithe a chomhlánú nuair a chríochnaíonn an tionscadal. Nuair a dhéantar clár traenála, ba cheart tuairisc mheasúnaithe a dhéanamh tar éis chríochnú an tionscadail.

**Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn**

Tar éis cigireacht a dhéanamh ar an suíomh, ní mór tuarascálacha eatramhacha ar dhul chun cinn a chur faoi bhráid na Roinne faoin 28 Meitheamh 2024 agus faoin 13 Meán Fómhair 2024 ag léiriú ar bronnadh conradh, ar cuireadh tús leis an obair agus ar íocadh an maoiniú, más ann dó, leis an iarratasóir. Sa chás nach bhfuil tús curtha le tionscadal ar an láthair faoin 13 Meán Fómhair 2024 , forchoimeádann an Roinn an ceart, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás Áitiúil ábhartha, an maoiniú a ath-leithdháileadh ar thionscadal eile..

**Athdháileadh Cistithe**

I gcásanna nach féidir le tionscadal a fuair cistiú dul ar aghaidh a thuilleadh, forchoimeádann an Roinn an ceart cistiú forghéillte an tionscadail sin a ath-leithdháileadh ar thionscadail HSF eile. Ní dhéantar an Roinn an cistiú a ath-leithdháileadh go huathoibríoch ar tionscadail eile laistigh den limistéar Údaráis Áitiúil céanna, ach déantar é a ath-leithdháileadh ar bhonn cás ar chás chuig tionscadail HSF 2024 eile, áit a bhfuil riachtanas práinneach tagtha chun cinn i rith na bliana. Ní fhéadfar an tÚdarás Áitiúil cistiú forghéillte a ath-leithdháileadh.

**Comhaontú Dlíthiúil**

Féadfar go n-éileófar ar iarratasóirí a bhfuil deontas bronnta orthu faoi Shruth 2, comhaontú dlíthiúil a dhéanamh leis an Aire Titíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus go gcuirfear muirear ar an mhaoin ar luach an deontais.

**Ceanglais Chánach**

Ní mór don iarratasóir agus d'aon chonraitheoir a bheith cáin-chomhlíontach. Ní mór glacadh le gnásanna imréitigh cánach maidir le híocaíochtaí deontais ón earnáil phoiblí, arna leagadh amach ag na Coimisinéirí Ioncaim. Féach ar a www.revenue.ie chun teacht ar thuilleadh sonraí, mura miste. Ar aon dul le hAlt 4(1) de Chiorclán 44/2006 ón Roinn Airgeadais: *Tax Clearance Procedures: Grants, Subsidies and Similar Type Payments*, is ar gach údarás áitiúil a dheimhniú go ngcloíann iarratasóirí, conraitheoirí agus fochonraitheoirí leis na gnásanna imréitigh cánach ceart agus ar aon dul leis na gnásanna rialaithe airgeadais atá ag an údarás áitiúil féin.

**Soláthar**

Caithfidh tionscadail lena dtugtar cúnamh deontais a bheith comhlíontach leis na Treoirlínte um Sholáthar Poiblí, faoin Oifig um Sholáthar Rialtais.

**Ciorclán 13/2014**

a. Éileófar ar dheontaithe ceangaltais Chiorcláin 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chomhlíonadh - *Management of and Accountability for Grants from Exchequer Funds*

b. **Iniúchadh**

   Ba cheart don deontóir a chinntiú go gcuirtear an deontaí ar an eolas go bhfuil:

   I. Dualgas orthu leabhair agus cuntais a chur ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, sa chás go dtagann 50% nó os cionn dá n-ioncam iomlán ón Státchiste.
   II. An ceart ag deontóirí taifid an deonaí a iniúchadh.

**Fógraí um Chur i gContúirt**

Sa chás gur in úineireacht údaráis áitiúil atá an struchtúr, nó sa chás go bhfuil údarás áitiúil ag cur cúnamh airgeadais ar fáil i leith oibreacha ar struchtúr i bpriacal faoi Ailt 59, 69 agus/nó 70 den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), is féidir le hoifigeach sannaithe an údaráis áitiúil an t-iarratas a dhéanamh.

**Ábhar Breise**

Ní ghlacfar le hábhar breise a chuirtear isteach leis an bhfoirm iarratais ACH AMHÁIN más rud é go bhfuil feidhm dhíreach aige leis an iarratas (i.e. tuarascálacha deindreacroineolaíochta, tuarascálacha seandálaíochta, taighde theicniúil, anailís siúinéireachta agus ábhar, líníochtaí anailíseacha agus tríthoiseacha, taighde stairiúil mionsonraithe etc.).

**Ceangaltais Reachtúla**

Caithfidh na hoibreacha atá faofa do dheontais ceanglais reachtúla uile a chomhlíonadh, cead pleanála ina measc. Má bheartaítear oibreacha a dhéanamh ar láithreáin/ shéadchomharthaí atá faoi chosaint faoi *Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004*, caithfear na ceanglais reachtúla i leith fógra a thabhairt nó le haghaidh toiliú ón Aire faoi na hAchtanna siúd a chomhlíonadh.

Tá an dualgas ar an iarratasóir gach ceanglas reachtúil eile ábhartha a chomhlíonadh, ar nós na hAchtanna um Fhiadhúlra, ceadúnais urthrá (más infheidhme), an reachtaíocht Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa, agus reachtaíocht comhshaoil agus fostaíochta. Cuirtear an méid seo ar a leanas ar aird an údaráis áitiúil: *(An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta 2012) Speicis Ainmhithe a Dhianchosaint: Treoir d'údaráis áitiúla ar Airteagail 12 agus 16 den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE a chur i bhfeidhm ar fhorbairt/ oibreacha a dhéantar ag thar ceann údarás áitiúil*. Tá foilsiú *na dTreoirlínte d'Éirinn maidir le Maolú Ialtóg Éire* (2006) ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag:
https://www.npws.ie/publications/search?title=bat+mitigation&keyword=&author=&series=All&year=&x=0&y=0

Ceanglófar ar an iarratasóir cóipeanna de gach ceadú, fógairt nó toiliú ábhartha a chur isteach agus éileamh ar dheontas á dhéanamh.

**Aistriú Úinéireachta**

Má dhíoltar struchtúr a bhfuil cúnamh deontais faighte ina leith, nó má aistrítear an úinéireacht laistigh de thréimhse 5 bliana ón dáta a íoctar an deontas, féadfar go mbeadh aisghlámadh i gceist ar chuid den mhaoiniú nó ar é go léir. Má aistrítear an tseilbh roimh íocaíocht an deontais, féadfar an t-údarás áitiúil socruithe a dhéanamh chun an deontas a aistriú go dtí úinéir nua na maoine chomh fada is a shásaíonn sé gach coinníoll a bhaineann leis an deontas.

**Tuarascáil Bhliantúil agus Bolscaireacht**

Ba cheart do gach údarás áitiúil faisnéis a chur ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil faoi conas a chuirtear an Ciste chun feidhme. Ba cheart aitheantas poiblí a thabhairt don Roinn i ngach fógra agus bolscaireacht ar an gCiste seo agus go n-úsáidtear na lógónna/ gléasanna cuí in aon ábhar priontáilte. Má tá lógó ag teastáil uait, déan teagmháil leis an Roinn.

**Cistiú Eile ón Státchiste**

Féadfar do thionscadail a bheith i dteideal cistiú a fháil ó bhreis agus scéim amháin arna chistiú go poiblí. Chun a dheimhniú go sásaítear riachtanais an Chiste i leith cistí comhfhreagracha, ba

cheart go ndéanfar cros-seiceáil ar an bhfaisnéis a chuireann an t-iarratasóir ar fáil in Ailt 4a agus 4b den fhoirm iarratais maidir le deontais eile a bhféadfar a bheith ann ón Státchiste.

Sa chás go ndearna iarratasóir éileamh, nó go bhfuair cistiú ó scéimeanna eile atá maoinithe ag an Státchiste nó ag an AE do na hoibreacha atá i gceist, **caithfidh nach** sáraíonn an luach dá leithéid de mhaoiniú, **agus** an deontas faoin gCiste seo **80% den chostas iomlán.**

Má tá gníomhaíocht gheilleagrach ag baint leis an struchtúr atá i gceist, féadfar glacadh le maoiniú faoin gCiste um Struchtúir Stairiúla a bheith ina chistiú *de minimis* chun críocha Cúnaimh Stáit.

**Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise**

B'fhéidir go mbeidh iarratais ar chistiú faoin scéim faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

**Spotseiceálacha**

Mar chuid de na rialuithe a dhéanann an Roinn i ndáil le monatóireacht ar chaiteachas agus ar nósanna imeachta faoin gCiste um Struchtúir Stairiúla, déanfaidh an tAonad Polasaí Oidhreachta Tógtha spotseiceálacha randamacha ar thionscadail chríochnaithe a leithdháiltear ar mhaoiniú faoi HSF 2024 . Is éard atá i gceist leis an tseiceáil ná measúnú a dhéanamh ar na comhaid in oifigí an Údaráis Áitiúil nó na hEagraíochta Stáit, agus iniúchadh fisiciúil a dhéanamh ar na hoibreacha a dhéantar ina dhiaidh sin.

**Is gá d'iarratasóirí/úinéirí cead isteach a thabhairt don struchtúr sna cúinsí sin.**

**23. Cinntí**

Cuirfear an tuairisc dheiridh faoin tionscadal, maraon le cinntí nó moltaí na Roinne, más ann, in iúl don údarás áitiúil. Sa chás go nochtann an spotseiceáil aon ásc de mhírialtacht nó de chalaois, i measc na gcéimeanna a fhéadfaí a thógáil bheadh:

**Mírialtacht** – Tógfar ar ais aon bhuntáiste a fuarthas go mídleathach, trí oibleagáid aon airgead atá dlite nó a fuarthas go mícheart a íoc nó a aisíoc.

**Calaois** – Atreorú don údarás cuí.

**24. Cinneadh an Aire**

Cinneadh críochnaitheach is ea cinneadh an Aire maidir le bronnadh cistithe. Agus an tAire ag déanamh cinnidh maidir le conas cistiú a leithdháileadh, féadfar roinnt tosca a chur san áireamh, lena n-áirítear cothromaíocht tíreolaíochta agus an inmhianaitheacht tionscadail éagsúla a mhaoiniú. Coimeádfaidh an tAire an ceart aige féin **cistí faofa a athshannadh** le tionscadal eile mura sásaítear na ceangaltais atá ann laistigh de thréimhse ama sainmhínithe.

**RGCS (GDPR)/ Ráiteas Príobháideachais**

Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta tiomanta do do phríoháideachas agus úsáideann sí slite teicniúla agus eagraíochtúla chun do chuid faisnéise a chosaint ó úsáid neamhúdaraithe. Ní phróiseálfaidh an Roinn do shonraí pearsanta chun críche ar bith eile seachas an

chúis gur bailíodh iad. D'fhéadfaí sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais eile, le húdaráis áitiúla, gníomhaireachtaí faoin Roinn, nó le comhlacht poiblí eile, i gcúinsí ar leith a fhoráiltear sa dlí.

Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá sin chun na críche ar bailíodh iad agus ar phróiseáladh iad tar éis sin. Nuair a éagann an riachtanas gnó an t-eolas seo a choinneáil, féachfar air d'fhonn na sonraí pearsanta a scrios a luaithe agus is féidir agus i gcomhréir le polasaí na Roinne. Is féidir teacht ar bhreis eolais faoi Chosaint Sonraí ar ár suíomh gréasáin ag:
gov.ie - Ráiteas Priobháideachais (www.gov.ie)

**Sonraí Teagmhála**

Chun teacht ar thuilleadh eolais maidir leis an gCiste seo, téigh i dteagmháil linn ag **an Aonad Beartas Oidhreachta Tógtha, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta,** Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, nó ríomhphost chuig HSF@housing.gov.ie